

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

BP-26-045

**Miontuairiscí Chruinniú Boird Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
(BOOÁCDL)**

Dáta: 25 Márta 2026

Am: 4:30 pm

Ionad: Ceannoifig BOOÁCDL agus MS Teams

I láthair:

Brigid Manton, Charlotte O'Donovan, Claire McGing, Colm Kilgallon, an Comhairleoir Angela Donnelly, an Comhairleoir Dean Mulligan, an Comhairleoir Jacqueline Burke, an Comhairleoir Michael Clark, an Comhairleoir Mick Duff (Cathaoirleach), an Comhairleoir Thomas Joseph, an Comhairleoir Yvonne Collins, an Comhairleoir Vicki Casserly, Dara Fitzpatrick, David O'Connell, Ken Farrell, Sarah Widaa, Wayne Carey.

Leithscéalta: An Comhairleoir Eimear CarboneMangan, an Comhairleoir Pamela Kearns, an Comhairleoir John Walsh

As láthair: n/b

I láthair:

Caitríona Murphy, Príomhfheidhmeannach; Paul Turner, Stiúrthóir Thacaíocht agus Fhorbairt na hEagraíochta; Mark McDonald, Stiúrthóir Scoileanna; Joanne McCloskey, Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna; Thea Jordan, Oifigeach Gnóthaí Poiblí; Maja Eisenbart, Rialachas; Mairead Walsh, Ceannasaí an Chisteáin; Ross Lynam, Ceannasaí Foirgneamh agus Tionscadal Caipitil; Nichola Spokes, Stiúrthóir Scoileanna; Patrick Bracken, Cathaoirleach an Choiste um Iniúcháireacht agus Measúnú Riosca; Gillian Corrigan, Cathaoirleach an Choiste Airgeadais

Cáipéisíocht:

Uaslódáilte go Leictreonach

Fáilte

Chuir an Cathaoirleach, an Clr Mick Duff, fáilte roimh na comhaltaí chuig an gcruinniú.

1. Leithscéalta/Comhbhrón

Tugadh faoi deara leithscéalta ón gComhairleoir Eimear CarboneMangan, ón gComhairleoir Pamela Kearns agus ó John Walsh.

Rinneadh comhbhrón le teaghlach gach ball foirne ar cailleadh duine muinteartha leo ó bhí an cruinniú deiridh ann.

2. Dearbhú Coinbhleachta Leasa

Níor dearbhaíodh aon choinbhleacht.

3. Nithe do Rún ón mBord

3.1 Miontuairiscí

Glacadh le miontuairiscí an chruinnithe roimhe seo an 25 Feabhra 2026.

Molta ag: Ken Farrell, **Tacaithe ag:** Wayne Carey

3.2 Coistí an Bhoird

- **Réamhrá ar an Ráiteas Airgeadais Bliantúil ón bPríomhoifigeach Cúnta Airgeadais**

Chuir Mairead Walsh, Ceannasaí na Roinne Cisteáin, Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2025 faoi bhráid an Bhoird.

- **Cur i láthair ó Chathaoirleach an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca**

Chuir Pat Bracken, Cathaoirleach an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca, tuarascáil bhliantúil an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca le haghaidh 2025 i láthair.

- **Cur i láthair ó Chathaoirleach an Choiste Airgeadais**

Chuir Gillian Corrigan, Cathaoirleach an Choiste Airgeadais, tuarascáil bhliantúil an Choiste Airgeadais do 2025 faoi bhráid an Bhoird agus mhol sí glacadh le Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2025.

D'fhaomh an Bord glacadh le Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2025 agus leis an Ráiteas faoin Rialú Inmheánach (RRI).

Molta ag: An Clr Mick Duff **Tacaithe ag:** David O'Connell

3.3 Ceapacháin Chomhaltaí ar Bhoird Bhainistíochta

- Ceapachán Bhrí Ní Annracháin mar ionadaí BOO ar Bhord Bainistíochta Phobalscoil Phort Mearnóg.

Molta ag: An Clr Mick Duff **Tacaithe ag:** David O'Connell

- Ceapachán Tony Barry mar ionadaí BOO ar Bhord Bainistíochta Choláiste Pobail Bhaile Adaim.

Molta ag: An Clr Mick Duff **Tacaithe ag:** Ken Farrell

- Ceapachán Aoife Moore mar ionadaí BOO ar Bhord Bainistíochta Choláiste Pobail Setanta.

Molta ag: Wayne Carey **Tacaithe ag:** David O'Connell

- Ionadaí BOO amháin á lorg do Bhord Bainistíochta Choláiste Breisoideachais an Naigín.

Curtha siar go dtí cruinniú mhí na Bealtaine.

3.4→Beartas Bainistíochta Riosca

Glacadh leis.

Molta ag: Wayne Carey **Tacaithe ag:** Colm Kilgallon

4. Nithe le tabhairt ar aird ag an mBord

4.1 Comhfhreagras ón Roinn – Ciorcláin - Tugtha ar aird

4.2 Ionaídh Dhá Fheidhm agus Maoiniú

Thug an Príomhfheidhmeannach nuashonrú maidir le maoiniú na n-ionad dhá fheidhm. Tá an maoiniú ar fad ó Pobal a bhaineann leis na hionaid spóirt dhá-fheidhm faighte ag BOOÁCDL. Tá caidreamh gníomhach leanúnach ar siúl leis an ROÓ. Tá teagmháil leanúnach ar siúl le Comhairle Contae Fhine Gall agus le Comhairle Contae Átha Cliath Theas agus tá cruinnithe breise beartaithe sna seachtainí atá le teacht chun an cás a phlé a thuilleadh.

Ghabh an Bord buíochas leis an bhFeidhmeannas agus leis an bhfoireann as an obair a rinne siad chun an t-ábhar seo a chur chun cinn.

4.3 Nuashonrú ar Scoileanna Speisialta

Chuir an Stiúrthóir Scoileanna an Bord ar an eolas maidir le cúrsaí foirne i bPobalscoil Speisialta Bhéal Maighne agus i bPobalscoil Speisialta Leamhcáin. Tá cuóta iomlán múinteoirí agus cúntóirí riachtanas speisialta ag an dá scoil anois. Tá BOOÁCDL fós i mbun caidreamh gníomhach leis an CNOS maidir le cúntóirí riachtanas speisialta breise le haghaidh Phobalscoil Speisialta Bhéal Maighne. Cuireadh cúntóirí riachtanas speisialta breise ar fáil do Phobalscoil Speisialta Leamhcáin. Tá ag éirí go maith leis na Scoileanna Speisialta mar chuid de BOOÁCDL, agus tá tinreamh agus dul chun cinn na ndaltaí an-mhaith. Thug an Comhairleoir Vicki Casserly moladh don Stiúrthóir agus don fhoireann go léir sa dá Scoil Speisialta as an obair atá déanta go dtí seo.

5. Nithe Curtha Isteach ag an bhFeidhmeannas

5.1→Tuarascálacha ón bPríomhfheidhmeannach

Scaipeadh tuarascálacha an Phríomhfheidhmeannaigh agus an Stiúrthóra i bpacáiste an Bhoird roimh an gcrúinniú agus cuireadh faoi bhráid an Bhoird ó bhéal iad.

Chuir an Bord ábhair imní in iúl maidir le saincheist na talún a bhaineann leis an gColáiste BO i Sord. Tá riosca ard ann nach rachaidh ceannachán an rogha láithreáin ar aghaidh. Aithníodh nach raibh aon locht ar BOOÁCDL maidir leis an tsaincheist sin agus d'aontaigh an Bord d'aon ghuth na hábhair imní sin a chur in iúl don Aire i litir scríofa.

Léiríodh ábhair imní bhreise faoin tsaincheist leanúnach maidir le post an Phríomhfheidhmeannaigh a fhógairt laistigh den BOOÁCDL. D'aontaigh an Bord scríobh chuig an ROÓ maidir leis an ábhar sin. Cuireadh comhaltaí an Bhoird ar an eolas faoin gcaidreamh gníomhach atá ar siúl leis an Ospidéal Náisiúnta Athshlánúcháin (ONA) maidir le hathlonnú roinnt seomraí ranga agus oifigí laistigh d'fhoirgneamh an ONA chun freastal ar athfhorbairt an ospidéil.

5.2 Tuarascáil Airgeadais

- Tuarascáil Airgeadais Mhíosúil

Scaipeadh tuarascáil airgeadais i bpacáiste an Bhoird roimh an gcrúinniú agus thug an Bord faoi deara í.

Chuir Mairéad Walsh an Tuarascáil Airgeadais faoi bhráid an Bhoird.

- Tá BOOÁCDL fós i mbun caidreamh gníomhach le SOLAS maidir le maoiniú breise le haghaidh 2026. Pléadh leibhéil mhaoinithe BCTE le haghaidh 2026 agus na rioscaí a bhaineann leo.
- **Litir Chomhaontaithe – Iniúchadh 2025 an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
Fuarthas Litir Chomhaontaithe ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Nuair a bheidh an Ráiteas Airgeadais Bliantúil curtha faoi bhráid an ROÓ, baileofar torthaí an iniúchta don iniúchadh atá ag teacht aníos.

5.3 → Tuarascáil Foirgneamh

Scaipeadh an tuarascáil foirgneamh i bpacáiste an Bhoird roimh an gcrúinniú agus thug an Bord faoi deara í.

Chuir Ross Lynam an tuarascáil faoi bhráid an Bhoird.

Tá foireann deartha ceaptha agus tá dearaí mionsonraithe á bhforbairt do na ceardlanna pluiméireachta nua in Ionad Oiliúna Bhaile Uí Lachnáin.

Tugadh faoi deara chomh maith go ndéanfar iniúchtaí ar dhíon Choláiste Pobail Naomh Fhionáin le linn shaoire na Cásca. Sna seachtainí atá le teacht cuirfear i gcrích anailís ar raon feidhme na n-oibreacha atá de dhíth chun an díon a dheisiú.

Léiríodh ábhair imní go bhfuil Coláiste Pobail Naomh Caoimhín fós ag feitheamh ar cheadú i dtaca leis an bhfoirgneamh modúlach. Cuireadh an Bord ar an eolas go bhfuil teagmháil leis an ROÓ ar siúl go leanúnach.

5.4 Próifíl Foirne

Ceapacháin agus arduithe céime; scoir - tugtha ar aird

5.5 Beartais - tugtha ar aird

Bainistíocht Riosca/Clár Rioscaí – tugtha ar aird

Chuir Stiúrthóir TFE an Bord ar an eolas nach raibh aon athruithe ar an gClár Riosca ó chruinniú mhí Feabhra. Cuireadh an Bord ar an eolas go ndéanfar athbhreithniú R1 ar an gclár riosca sna seachtainí amach romhainn.

6. Nithe Curtha Isteach ag an mBord

Níor cuireadh aon cheann isteach.

7. Dáta an Chéad Chruinniú Eile: 18 Bealtaine 2026 ag 4.30pm (I Láthair go Pearsanta)